CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 335/2022

an 9 Nollaig 2022

lena leasaítear Iarscríbhinn XI (Cumarsáid leictreonach, seirbhísí closamhairc agus an tsochaí faisnéise) a ghabhann le Comhaontú LEE [2023/1277]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/654 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2020 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí uasráta foirceanta aonair uile-Aontais do ghuthghlaonna soghluaiste agus uasráta foirceanta aonair uile-Aontais do ghuthghlaonna seasta a leagan síos ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XI a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 5czs b (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1070 ón gCoimisiún) d'Iarscríbhinn XI a ghabhann le Comhaontú LEE:

'5czsc. **32021 R 0654**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/654 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2020 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí uasráta foirceanta aonair uile-Aontais do ghuthghlaonna soghluaiste agus uasráta foirceanta aonair uile-Aontais do ghuthghlaonna seasta a leagan síos (IO L 137, 22.4.2021, lch. 1).

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, tá forálacha an Rialacháin oiriúnaithe mar a leanas:

(a) In Airteagal 4(3), cuirtear na pointí seo a leanas isteach i ndiaidh phointe (l):

'(m) ISK 0,77 in aghaidh an nóiméid san Íoslainn;

(n) NOK 0,032 in aghaidh an nóiméid san Iorua.'

(b) In Airteagal 4(4), cuirtear na pointí seo a leanas isteach i ndiaidh phointe (g):

"(h) ISK 0,74 in aghaidh an nóiméid san Íoslainn;

(i) NOK 0,032 in aghaidh an nóiméid san Iorua.'

(c) In Airteagal 4(5), cuirtear an pointe seo a leanas isteach i ndiaidh phointe (c):

"(d) NOK 0,032 in aghaidh an nóiméid san Iorua'.'

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/654 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 10 Nollaig 2022, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *, nó ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 275/2021 ó Chomhchoiste LEE an 24 Meán Fómhair 2021 ([2]), cibé acu is déanaí.

([1]) IO L 137, 22.4.2021, lch. 1.

* Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

([2]) Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 9 Nollaig 2022.

Thar ceann Chomhchoiste LEE
An tUachtarán
Kristján Andri STEFÁNSSON